
# 20 RUD SUIMIÚIL

## FAOI THEANGACHA NA hEORPA

Is iad na príomhtheangacha a labhraíonn an chuid is mó de dhaonra na hEorpa ná Rúisis, Gearmáinis, Fraincis, Béarla agus Tuircis, de réir an ord sin.






Is teanga an-sean í **AN TEANGA SILBO** as La Gomera sa Spáinn. Teanga feadaíle atá i gceist, agus tá sí fós á mhúineadh go háitiúil i scoileanna.

---

Is í an

**MHÁLTAIS**

an t-aon teanga Eorpach amháin atá sa chlann Afra-Áisice (chomh maith le hAraibis, Eabhrais, Berbeiris agus an teanga Hausa).


> De riér staédair teidgha, is cmua cén ord ina bhfuil na letraicha i bfhcoal - is é an t-aon rud tbháchaatch ná go mbaedh an chaéd ltiir augs an liitr dhreaeinach san áit chaert. Tá sé seo ahmliadh tiosc ncah laéann anige an dnuie gcah ltiir lies fién, ach na fcaol ina iolmiáne.

Creidtear gurb í

**EUSCARA** (an Bhascais)

ceann de na teangacha Eorpacha is sine le bunúsanna atá anaithnid.

---



Ba í an **RÚISIS** an chéad teanga a labhraíodh sa spás.

---

Tá an

**LIOTUÁINIS**

an-chosúil leis an sean-Sanscrait agus is í an teanga Ind-Eorpach is sine.


---



Creidtear go tharla athrú san inchinn thart ar

**70,000 BLIAIN**

ó shin a thug deis do dhaoine teanga chasta agus smaointe faoi rudaí nach bhfuil le feiceáil láithreach a fhorbairt. Seo ba chúis leis an gcumas smaointe, pleananna, creidimh agus coincheapanna níos castaí a fhorbairt agus ag an am céanna cumarsáid a fhorbairt agus iad ag lahairt.



Tá níos mó ná leath na hEorpa

**DÁTHEANGACH**.

---

Tá thart ar

**50,000**

focail nó níos mó i ngach teanga. Go hiondúil, bíonn a fhios ag cainteoirí dúchais ar

**15,000 go 20,000**

fhocail teaghlaigh ach de gnáth ní úsáideann cainteoirí ach cúpla céad focal.

---

Tá thart ar

**225 TEANGA DHÚCHAIS**

san Eoraip – timpeall 3% d'iomlán an domhain.

---

**αβγδε**

Seans go bhfuil i bhfad níos mó Gréigise ar eolas agat ná mar a shíleann tú! Is cinnte go bhfuil tú eolach ar alfa, béite, deilte, gáma agus b'fhéidir π agus P. Go deimhin, tá téarmaí coitianta i dteangacha na hEorpa le bunús sa Ghréigis! Mar shampla, matamaitic, réalteolaíocht, bitheolaíocht, tíreolaíocht, teicneolaíocht, fealsúnacht, chomh maith leis an bpolaitíocht, an daonlathas agus go leor téarma eile.


---

**ř**

**AN LITIR IS DEACRA SA DOMHAN A FHUAIMNIÚ?**

Deirtear gurb é 'ř' (litir Seicise) ceann de na litreacha is deacra sa domhan a fhuaimniú - seachas más Seiceach tú, cinnte!

---



Is í **AN CHAIRT EORPACH DO THEANGACHA RÉIGIÚNACHA NÓ MIONLAIGH** atá forbartha ag Comhairle na hEorpa an t-aon conradh sa domhan a bhfuil mar aidhm aige mionteangacha tradisiúnta a chur chun cinn agus iad a chosaint.


---

Is í ceann de na príomhrialacha ortagrafacha Seirbise ná

**"SCRÍOBH É MAR A DEIRTEAR É AGUS LÉIGH É MAR ATÁ SCRÍOFA".**

Ciallaíonn sé seo go dtrascríobhtar fiú ainmneacha cearta i dteanga eile de réir a gcuid fuaimniú: Mar shampla, is é Nua-Eabhrac Njujork, agus is é Gérard Depardieu *Žerar Depardje*.

---



Cruthaíodh níos mó ná

**200 BRÉAGTHEANGACHA**

le haghaidh scannáin agus litríocht: Mar shampla, 'Elvish' i Lord of the Rings agus 'Klingon' i Star Trek.

Léiríonn staidéir leighis a foilsíodh le gairid go gcuirtear moill cúpla blian ar thús an **NÉALTRÚ** má fhoghlaimíonn tú dhá theanga.

Tagann na

**TEANGACHA IND-GHEARMÁNACHA**

ó theanga ársa a bhí ann 4000-5000 bliain ó shin. Síleann an chuid is mó d'eitneolaí teangeolaíochta go n-aimsíodh é sna cultúir daonna a bhí i limistéar na Muir Chaisp. As sin scaipeadh é chuig an Eoraip agus chuig an Ind.

---

De réir UNESCO, tá

**43%**

de na 6000 teanga atá measta a labhraítear i m**BAOL**.

---



Is é **KINSHASA,** príomhchathair an Chongó, an dara cathair is mó sa domhan ina labhraítear Fraincis, i ndiaidh Páras agus roimh Montréal agus an Bhruiséil.

**Lá Eorpach na dTeangacha**

**26 Meán Fómhair**



EUROPEAN CENTRE FOR MODERN LANGUAGES

CENTRE EUROPEEN POUR LES LANGUES VIVANTES

COUNCIL OF EUROPE

CONSEIL DE L'EUROPE

WWW.COE.INT/EDL #COEEDL

2021-GA